AN BANC CEANNAIS EORPACH
AN tEUROCHÓRAS

GA

TUAIRIM ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 12 Lúnasa 2026

maidir le rannpháirtíocht Éireann in Iontaobhas Athléimneachta agus Inbhuanaitheachta an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta

(CON/2026/24)

Réamhrá agus bunús dlí

An 8 Iúil 2026, fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarraidh ó Aire Airgeadais na hÉireann (dá ngairtear 'Aire' anseo feasta) ar thuairim maidir leis an mBille Airgeadais (Forais Idirnáisiúnta Airgeadais) 2026 (dá ngairtear an 'dréacht-dlí' anseo feasta).

Tá inniúlacht BCE tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagail 127(4) agus 282(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar an tríú fleasc d'Airteagal 2(1) de Chinneadh 98/415/CE ón gComhairle,[1] ós rud é go mbaineann an dréacht-dlí le Banc Ceannais na hÉireann (Central Bank of Ireland, CBI). I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis an tuairim seo a ghlacadh.

1. Cuspóir na ndréacht-dlí

1.1 Is é príomhchuspóir an dréacht-dlí foráil a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht na hÉireann in Iontaobhas Athléimneachta agus Inbhuanaitheachta (IAI) an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)[2].

1.2 *Comhaontú idir CBI agus CAI chun cearta tarraingthe speisialta (CTSanna) a aistriú chuig an iasacht IAI agus chuig na cuntais taisce*

Foráiltear leis an dréacht-dlí go bhféadfaidh CBI comhaontú a dhéanamh le CAI thar ceann Stát na hÉireann chun CTSanna atá i seilbh CBI a aistriú chuig IAI (a) ar iasacht chuig cuntas iasachta IAI agus (b) ar thaisce i gcuntas taisce IAI[3]. Sonraítear sa dréacht-dlí go socraítear méid na CTSanna a bhféadfadh feidhm a bheith ag an gcomhaontú sin maidir leo ag CTS 551 095 665 le haghaidh na hiasachta agus CTS 110 219 133 le haghaidh na taisce[4]. Chun na críche sin, tá teimpléad don

1 Cinneadh 98/415/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 1998 maidir le dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach ag údaráis náisiúnta maidir le dréachtfhorálacha reachtacha (IO L 189, 3.7.1998, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1998/415/oj).

2 Chun na críche sin, sainmhínítear IAI i roinn 2 den dréacht-dlí mar an iontaobhas arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal V, Roinn 2(b), d'Airteagail Chomhaontaithe CAI de bhun Chinneadh Uimh. 17231-(22/37) ó Bhord Feidhmiúcháin CAI a glacadh an 13 Aibreán 2022.

3 Roinn 5(1) den dréacht-dlí.

4 Roinn 5(2) agus (3) den dréacht-dlí.

chomhaontú ranníocaíochta idir rannchuiditheoirí agus CAI ag gabháil leis an dréacht-dlí le haghaidh rannpháirtíocht in IAI.

1.3 *Comhaontú idir an tAire agus CAI chun deontais a thabhairt do chuntas cúltaca IAI*

Leis an dréacht-dlí, údaraítear don Aire comhaontú a dhéanamh le CAI thar ceann Stát na hÉireann chun deontas a thabhairt do chuntas cúltaca IAI agus leagtar síos ann an teorainn (EUR 15 mhilliún) le haghaidh an deontais den chineál sin[5]. Féadfar an teimpléad don chomhaontú ranníocaíochta a úsáid chun na críche sin.

1.4 *Ráthaíocht an Aire maidir le CTSanna arna n-aistriú ag CBI maidir le cuntais iasachta agus cuntais taisce IAI*

Údaraítear leis an dréacht-dlí don Aire, tar éis dul i gcomhairle le CBI, a ráthú go n-íocfar le CBI suas le luach aon CTS a thabharfaidh CBI ar iasacht nó a thaiscfidh sé le IAI de bhun an dréacht-dlí, chomh maith le haon ús is iníoctha faoin gcomhaontú le CAI, is iníoctha as ciste lárnach an Stáit[6]. Leagtar amach sa dréacht paraiméadair bhreise i leith na ráthaíochta agus na n-oibleagáidí atá ar CBI, lena n-áirítear go n-áireofar sa ráthaíocht foráil maidir le haisíocaíocht a dhéanfaidh CBI leis an Aire, má ghnóthaíonn CBI CTSanna nó ús, agus oibleagáid leanúnach ar CBI gach modh réasúnach a úsáid chun CTSanna agus ús den sórt sin a aisghabháil[7].

1.5 *Oibleagáidí tuairiscithe CBI i leith an Aire*

Leagtar amach sa dréacht-dlí oibleagáidí tuairiscithe bliantúla CBI don Aire i ndáil le, inter alia, méideanna CTSanna a tugadh ar iasacht nó a taisceadh le IAI le linn na tréimhse 2 bhliain roimhe sin, CTSanna gan íoc ar iasacht nó ar thaisce, agus aon íocaíocht agus aisíocaíocht ráthaíochta chomh maith le haon iarracht aisghabhála i leith íocaíochtaí ráthaíochta den sórt sin[8].

1.6 *Ballraíocht na hÉireann sa Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)*

Leasaítear leis an dréacht-dlí freisin an reachtaíocht is bonn le ballraíocht na hÉireann i roinnt institiúidí airgeadais idirnáisiúnta, lena n-áirítear CAI, ionas gur féidir leasuithe ar airteagail aon chomhaontaithe nó aon choinbhinsiúin de chuid na n-institiúidí sin ar de chineál teicniúil nó riaracháin iad, nó atá formheasta cheana féin le cinneadh ón Aontas, nó nach n-ardaíonn muirear ar chistí poiblí, a fhormheas trí rún chuig *Dáil Éireann* (Teach Ionadaithe na hÉireann), seachas trí leasú reachtach príomhúil[9].

1.7 *Forálacha ilghnéitheacha*

Aisghairtear leis an dréacht-dlí foráil de dhlí na hÉireann atá ann cheana ó 1999, lena bhforáiltear go ráthóidh an tAire rannpháirtíocht CBI i saoráid chreidmheasa an Bhainc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta i bhfabhar Banco Central do Brasil[10].

5 Roinn 4 den dréacht-dlí.
6 Roinn 6(1) agus 6(2) den dréacht-dlí.
7 Roinn 6(4) agus (6) den dréacht-dlí.
8 Roinn 6(8) den dréacht-dlí.
9 Féach Roinn 3 den dréacht-dlí.
10 Roinn 12 den dréacht-dlí.

2. Barúil ghinearálta

2.1 Bhunaigh CAI IAI i mí na Bealtaine 2022. Is iontaobhas iasachtbhunaithe é. Déantar acmhainní IAI a shlógadh ar bhonn deonach ó chomhaltaí a bhfuil seasaimh sheachtracha láidre acu ar mian leo a CTSanna nó a n-airgeadraí a dhíriú chun tacú le tíortha ísealioncaim agus le tíortha leochaileacha meánioncaim maidir le dúshláin struchtúracha níos fadtéarmaí lena mbaineann rioscaí suntasacha maicreacnamaíocha, amhail an t-athrú aeráide agus ullmhacht paindéime[11].

3. Toirmeasc ar mhaoiniú airgeadaíochta

3.1 *Toirmeasc ar shaoráidí creidmheasa a dheonú d'údaráis phoiblí*

Le hAirteagal 123(1) den Chonradh, toirmisctear ar na bainc cheannais náisiúnta (BCNanna) saoráidí rótharraingthe nó aon chineál eile saoráide creidmheasa a dheonú d'údaráis phoiblí agus do chomhlachtaí poiblí na mBallstát. Agus sainmhínithe á sonrú maidir le cur i bhfeidhm an toirmisc sin, sainmhínítear in Airteagal 1(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 3603/93 ón gComhairle[12] coincheap na saoráide creidmheasa inter alia mar 'aon mhaoiniú ar oibleagáidí na hearnála poiblí i leith tríú páirtithe' nó 'aon idirbheart leis an earnáil phoiblí a mbeidh éileamh ar an earnáil sin mar thoradh air nó ar dócha go mbeidh éileamh ar an earnáil sin mar thoradh air'. Thairis sin, tá an toirmeasc ar mhaoiniú airgeadaíochta faoi réir díolúintí áirithe atá i Rialachán (CE) Uimh. 3603/93. Go háirithe, foráiltear le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 3603/93 nach meastar gur saoráid chreidmheasa de réir bhrí Airteagal 123 den Chonradh é maoiniú na BCNanna ar oibleagáidí a thiteann ar an earnáil phoiblí vis-à-vis CAI. Soiléirítear leis an gceathrú haithris déag de Rialachán (CE) Uimh. 3603/93 an réasúnaíocht is bonn leis an díolúine sin, á rá gurb iomchuí maoiniú na n-oibleagáidí a thiteann ar an earnáil phoiblí i leith CAI ag BCNanna a údarú toisc go bhfuil an maoiniú sin 'mar thoradh ar éilimh eachtracha a bhfuil saintréithe uile na gcúlsócmhainní acu'. Dá bhrí sin, is gá an díolúine in Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 3603/93 a léirmhíniú i gcomhréir leis an réasúnaíocht sin[13].

3.2 *Ranníocaíocht le cuntais iasachta agus taisce IAI*

3.2.1 Sainmhínítear cúlsócmhainní mar na sócmhainní seachtracha sin, lena n-áirítear ór, atá ar fáil go héasca d'údaráis airgeadaíochta agus atá á rialú acu chun riachtanais mhaoinithe chomhardú na n-íocaíochtaí a chomhlíonadh, le haghaidh idirghabhálacha i margaí malairte chun difear a dhéanamh don ráta malairte airgeadra, agus chun críoch gaolmhar eile, amhail chun muinín san airgeadra agus sa gheilleagar a choinneáil agus chun feidhmiú mar bhonn le hiasachtaíocht eachtrach. Faoin sainmhíniú sin, ní mór cúlsócmhainní a ainmniú agus a shocrú in airgeadra eachtrach agus, seachas órbhuillean, ní mór iad a bheith ina n-éilimh ar neamhchónaitheoirí[14]. An gá atá le hinfhaighteacht ar

---

11 Féach Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, *IMF Executive Board Approves Establishment of the Resilience and Sustainability Trust* (13 Aibreán 2022). Féach freisin mír 1 de Thuairim CON/2022/46 agus mír 1.2 de Thuairim CON/2023/23. Foilsítear tuairimí uile BCE ar EUR-Lex.

12 Rialachán (AE) Uimh. 3603/93 ón gComhairle an 13 Nollaig 1993 lena sonraítear sainmhínithe chun na toirmisc shealadacha dá dtagraítear in Airteagal 104 agus Airteagal 104b(1) den Chonradh a chur i bhfeidhm (IO L 332, 31.12.1993, lch. 1., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1993/3603/oj).

13 I gcomhréir leis an léirmhíniú sin, féach Tuairimí CON/2005/29, CON/2013/16, CON/2017/4, CON/2021/39, CON/2022/46 agus CON/2023/23.

14 Féach Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, *Balance of Payments and International Investment Position Manual* (White Cover (pre-edited) Version, seventh edn., 2025), Caibidil 6, Cuid F, lch. 265.

éileamh chun freastal ar riachtanais mhaoinithe chomhardú na n-íocaíochtaí agus ar chuspóirí gaolmhara eile, tugann sé le tuiscint nach mór cáilíocht chreidmheasa agus leachtacht na n-éileamh a áirithiú[15].

3.2.2 Chun go mbeidh feidhm ag an díolúine a leagtar síos in Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 3603/93 maidir le haistrithe CBI chuig cuntais iasachta agus taisce IAI a bheartaítear leis an dréacht-dlí, ní mór foráil a dhéanamh i dtéarmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe le CAI go bhféadfaí príomhshuim na n-acmhainní a fuarthas ar iasacht ó CBI a aisíoc go luath. Ar bhonn an teimpléid don chomhaontú ranníocaíochta, bheadh sé de cheart ag CBI aisíocaíocht luath a lorg i leith phríomhshuim iomlán a éileamh gan íoc ar chuntais iasachta agus taisce IAI, nó i leith cuid de phríomhshuim na n-éileamh sin, má léiríonn CBI go dtugann staid chomhardú íocaíochtaí agus chúlsócmhainní na hÉireann údar maith le haisíocaíocht luath. Faoin socrú sin, bheadh na CTSanna arna n-aistriú ag CBI chuig an IAI inaisíoctha go héasca, chun riachtanais chomhardú na n-íocaíochtaí agus na gcúlchistí a chomhlíonadh, ionas go gcosnófar leachtacht éilimh CBI d'fhonn a stádas cúlsócmhainní a áirithiú[16].

3.2.3 Faoi réir an tsocraithe thuas, measann BCE go bhfuil iasacht CBI do chuntais iasachta agus taisce IAI de chuid CAI comhoiriúnach leis an toirmeasc ar mhaoiniú airgeadaíochta, toisc go mbíonn éilimh arna n-ainmniú ag CTS ó CBI in aghaidh an IAI mar thoradh air, éilimh a bhfuil saintréithe uile na gcúlsócmhainní acu[17].

3.3 *Ráthaíocht ón Aire maidir le haisíoc na príomhshuime agus an úis ar iasacht agus ar thaisce IAI ag CAI*

3.3.1 Measann BCE go bhfuil roinn 6(4) den dréacht-dlí dréachtaithe ar bhealach lena gceadaítear léirmhíniú a bheadh ar neamhréir leis an toirmeasc ar mhaoiniú airgeadaíochta.

3.3.2 Go sonrach, eascraíonn sé sin as foclaíocht dhoiléir roinn 6(4) ina luaitear go n-áireofar sa ráthaíocht an fhoráil sin 'de réir mar is cuí leis an Aire, tar éis dul i gcomhairle leis an [CBI]', chun méid a aisíoc leis an Aire ag CBI '(le cibé ús, más ann dó, dá bhforáiltear)' má ghnóthaíonn CBI CTSanna nó ús a ndearnadh íocaíocht ráthaíochta ina leith. Má thagraíonn 'méid' do CTSanna agus d'ús araon, d'fhéadfaí a léirmhíniú leis an téacs idir lúibíní go gcuirtear d'oibleagáid ar CBI ús breise a íoc leis an Aire, de réir mar is cuí leis an Aire, sa bhreis ar na CTSanna nó an t-ús aisghafa. Ós rud é nach airleacan nó iasacht ón Aire a bheadh san íocaíocht a fuair CBI faoin ráthaíocht, bheadh oibleagáid ar CBI ús breise a íoc leis an Aire ina chineál maoinithe thoirmiscthe don earnáil phoiblí. Níl aon bhunús le hoibleagáid íocaíochta úis bhreise ó CBI leis an Aire seachas ús a aisghabhtar ó IAI.

3.3.3 I bhfianaise an mhéid thuas, measann BCE gur cheart a shoiléiriú le foclaíocht roinn 6(4) den dréacht-dlí gurb é an t-aon ús nach mór do CBI a aisíoc an t-ús a ghnóthaigh sé ó IAI.

---

15 Féach mír 2.2 de Thuairim CON/2022/46.

16 Féach roinn 6 den Chomhaontú Iasachtaíochta agus roinn 8 den Chomhaontú Taiscí a áirítear sa teimpléad don Chomhaontú Ranníocaíochta a ghabhann leis an dréacht-dlí. Féach freisin míreanna 2.4 de Thuairim CON/2021/39, mír 2.4 de Thuairim CON/2022/46 agus mír 3.2.1 de CON/2023/23.

17 Féach freisin Tuairimí CON/2017/4, CON/2020/27, CON/2020/32, CON/2020/34, CON/2020/37, CON/2021/39, CON/2022/46 agus CON/2023/23.

4. An ghné airgeadais de neamhspleáchas an bhainc ceannais

Ó thaobh na gné airgeadais de neamhspleáchas an bhainc ceannais a leagtar síos in Airteagal 130 den Chonradh[18], tugann BCE dá aire an ráthaíocht a chuir an tAire ar fáil faoin dréacht-dlí maidir le haisíoc príomhshuime agus úis ar iasacht agus ar thaisce IAI ag CAI[19].

Foilseofar an tuairim sin ar EUR-Lex.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 12 Lúnasa 2026.

[sínithe]

Uachtarán BCE

Christine LAGARDE

18 Faoin ngné airgeadais de neamhspleáchas an bhainc ceannais, ní fhéadfaidh na Ballstáit a gcuid BCNanna a chur i riocht nach bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha acu chun a gcúraimí a bhaineann le CEBC nó Eurochóras a cheanglaítear orthu faoin gConradh a chur i gcrích. Féach Tuarascáil 2026 ó BCE maidir le Cóineasú, mír 2.2.3.5.

19 Féach freisin Tuairimí CON/2021/39 agus CON/2022/46.